ELI: http://data.europa.eu/eli/C/2024/581/oj

Iris Oifigiúil
an Aontais Eorpaigh

C/2024/581

15.1.2024

GA
Sraith C

Achoimre ar Chinntí ón gCoimisiún Eorpach maidir le húdaruithe chun substaintí a liostaítear in Iarscríbhinn XIV a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 1907/2006 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le Clárú, Meastóireacht, Údarú agus Srianadh Ceimiceán (REACH) a chur ar an margadh le haghaidh a n-úsáide agus/nó iad a úsáid

(Arna foilsiú de bhun Airteagal 64(9) de Rialachán (CE) Uimh. 1907/2006 [1])

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

(C/2024/581)

Cinneadh lena ndeonaítear údarú

Uimhir thagartha an Chinnidh [1]	Dáta an chinnidh	Ainm na substainte	Sealbhóir an údaraithe	Uimhir an údaraithe	Úsáid údaraithe	Dáta éaga na tréimhse athbhreithnithe	Na cúiseanna atá leis an gcinneadh
C(2024) 8	8 Eanáir 2024	4-Naoinilfeanól, brainseach agus líneach, eatocsailithe (4-NPnEO) Uimh. CE-; Uimh. CAS-	Fysol S.A.S., 130 avenue des Follaz, 73000, Chambéry, An Fhrainc	REACH/23/40/0	Meascadh roisín eapocsaigh ina bhfuil 4-NPnEO, meascadh as a n-eascraíonn meascáin ina bhfuil maischodán (w/w) níos lú ná 0,1 % de 4-NPnEO chun earraí snáithín gloine a mhonarú le haghaidh páirteanna ilchodacha criticiúla héileacaptair	31 Nollaig 2025	I gcomhréir le hAirteagal 60(4) de Rialachán (CE) Uimh. 1907/2006, na sochair shocheacnamaíocha a bhaineann le húsáid na substainte, is mó iad ná an baol do shláinte an duine agus don chomhshaol a bhaineann leis an úsáid chéanna, agus níl aon substaint ná teicneolaíocht mhalartach ann a bheadh oiriúnach.

[1] Tá an cinneadh le fáil ar shuíomh gréasáin an Choimisiúin Eorpaigh ag: Údarú (europa.eu).

[1] IO L 396, 30.12.2006 , lch. 1